A fhir luigheas ’na leabaidh

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 38]

An Bás

1 A fhir luigheas ’na leabaidh
cuimhne aithne an fhoirceadail
bíodh eagla an éaga ar t’aire
féaga d’eagna it urnaighe.

2 A cholann chodlas go trom
ní fheadrais nach i nIofronn
bhéaras lá ort an eagar
olc a-tá do thinnsgeadal.

3 Smuain créad as críoch dod bheathaidh
smuain ar th’olc it oibreachaibh
pian na hanman eagla an bháis
a bhfreagra is adhbhar uathbháis.

4 A cholann an cumhain lat
nach fuil d’áiridhe agat
acht seacht dtroighe don talamh
ceart oile ní fhuarabhar.

5 Beag fa dheoidh do chuid don chrodh
a chuirp charas an saoghal
brat fuar is adhbhadh úire
truagh mar adhbhar iomthnúidhe.

6 A fhir gan eolas madh áil
aitheanta Chríosd do chongbháil
déanta maith i n-aghaidh uilc
go maith labhair do labhairt.

7 Mairg ar a rachadh fa ríor
breitheamh ceart i gcúis Aird-ríogh
an agra trom-sa lá an luain
a-tá orm-sa ’na han-bhuain.

8 A chóir [oirinn] dá n-agra Dia
ní díoltar fuil Mhic Mharia
is gaoithe cró, na cneidhe
[gan] ró maoithe [an] maithfeidhe.

9 D’eagla nach badh fhiú mo mhaith
do ghlóir d’fhagháil a Ard-Fhlaith

focal Mhuire an lá-sain linn
fad ghrásaibh uile aitchim.

10 Focal Mhíchíl ba díon damh
móide gach maith a móradh
mo mhaor oirbheartach aireach
saor toirbheartach trócaireach.

11 Mac Dé dá ndeonuigheadh damh
mairg tháinig i dtruaill talmhan
fágbhaim choidhche sin mar sin
a fhir fhoirbhthe ’s a óig-fhir.  A FHIR